# An Chomhairle Mhúinteoireachta
# The Teaching Council

## Ráitis Airgeadais

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

## Eolas faoin gComhairle

**Cathaoirleach:**
Michelle Keane
**Leas-Chathaoirleach:**
Ann Mulcahy

**Comhaltaí na Comhairle:**

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Jean Beswick Duignan | (Ceaptha ar 2/6/22) |
| Sinead Brett | (Éirithe as a cúraimí ar 23/5/22) |
| Geoffrey Browne | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Kathleen Burke | |
| Noel Cronin | |
| Catherine Cross | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Mary Curley | |
| Michael Delargey | |
| Eamon Dennehy | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Niamh Dennehy | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Charles Dolan | (Éirithe as a chúraimí ar 12/12/22) |
| Brendan Doody | (Éirithe as a chúraimí ar 12/12/22) |
| Catherine Doolan | |
| Niall Duddy | |
| Declan Fahie | (Ceaptha ar 2/6/22) |
| Mai Fanning | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| John Holian | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Niamh Hourigan | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Anne Howard | |
| Rosena Jordan | |
| Mary Kelly | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| David Leahy | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Gerry Leydon | |
| Anne Loughnane | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Áine Lynch | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Mary Magner | (Ceaptha ar 4/4/22) |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

## Eolas faoin gComhairle

| | |
|---|---|
| An Dr Anthony Malone | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Claire Markey | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Peter McCabe | |
| Fergal McCarthy | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Seán McMahon | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Noelle Moran | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Paul Moroney | |
| Catherine Moynihan | |
| An Dr Melanie Ní Dhuinn | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Deirdre O'Connor | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22) |
| Teresa O'Doherty | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Ciaran James O'Donnell | |
| Seán Ó Dubhlaing | |
| Séamus Ó Fearraigh | (Téarma oifige críochnaithe ar 3/4/22). (Athcheaptha ar 2/6/22) |
| Seán Ó hArgáin | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Liam O'Neill | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Seán O'Neill | |
| Bryan O'Reilly | (Ceaptha ar 2/6/22) |
| David O'Sullivan | (Ceaptha ar 4/4/22) |
| Eamonn Shaughnessy | |
| Tracie Tobin | |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Eolas faoin gComhairle**

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | Cuideachta Neamhtheoranta Crowleys DFK<br>Cuntasóirí Cairte agus<br>Gnólacht Iniúchta Reachtúil<br>16/17 Faiche an Choláiste<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Seoladh Gnó** | Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>An Phíomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Dlíodóirí** | Fieldfisher Ireland<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7 |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

# Ábhair


| | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle | **1 - 5** |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | **6 - 8** |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | **9 - 12** |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | **13 - 14** |
| Clár Comhardaithe | **15** |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid | **16** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **17 – 28** |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle**

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachas agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sí an tasc seo I gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach mórcheist ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an stiúradh straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an gComhairle a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Chomhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eagraíocht, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar phointe teagmhála díreach idir an Chomhairle agus foireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta.

## Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtais ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh na Comhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithnigh an Chomhairle tá:

- Dearbhú leasa
- Miontuairiscí cruinnithe a reáchtáladh roimhe seo a fhaomhadh
- Tuarascáil an Stiúrthóra
- Glacadh le tuarascálacha ó choistí agus iad a bhreithniú chomh maith le cinntí a dhéanamh ina dtaobh, más cuí
- Nithe forchoimeádta

Éilíonn Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ar an gComhairle na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaightear agus a chaitear agus maoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Comhairle a choinneáil.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gComhairle:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú
- Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Is í an Chomhairle atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an mbuiséad bliantúil a cheadú.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle**

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas cóir agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta ar an 31 Nollaig 2020.

**Struchtúr na Comhairle**

Tá 37 ball deonach sa Chomhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr acu tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile (seachtar acu tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- Beirt ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht na scoile (dhá bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil)
- Beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (bunscoil amháin agus iar-bhunscoil amháin) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais (lena n-áirítear ionadaí amháin ó IBEC agus ó ICTU)

Ceaptar comhaltaí na Comhairle le haghaidh téarma ceithre bliana. Féach faisnéis ón gComhairle ag tús na ráiteas airgeadais le haghaidh sonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus na Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- An Coiste Feidhmiúcháin - Éascaíonn sé feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a dhéanamh idir na cruinnithe Comhairle.
- An Coiste Imscrúdúcháin - Féadfaidh duine ar bith iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdúcháin ar mian leis nó léi fiosrúchán a dhéanamh maidir le hoiriúnacht chun teagaisc múinteoir atá cláraithe.
- An Coiste Araíonachta - Reáchtálfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht maidir le gearán curtha faoina bhráid ag an gCoiste Imscrúdúcháin.
- An Coiste Clárúcháin - Cuireann an Coiste seo comhairle ar an gComhairle agus déanann sé moltaí maidir le gach gné a bhaineann le clárú múinteoirí.
- An Coiste Oideachais - Tá an Coiste seo freagrach as moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann le contanam an oideachais múinteoirí.
- An Coiste Airgeadais – Déanann an Coiste seo maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.
- An Coiste Iniúchta agus Riosca – Déanann an Coiste seo monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht agus bainistíonn sé riosca.
- An Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin - Feidhmíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin i gcásanna ina bhfuil múinteoirí míshásta le toradh cinnidh atá déanta ag an bpainéal agus iarann siad athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh.
- An Painéal Clárúcháin - Tá an Painéal seo freagrach as measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le clárú múinteoirí, cosúil le síneadh ama a cheadú dóibh siúd atá cláraithe ar bhonn coinníollach.

- Painéal Fianaise ar Charachtar - Déanann an Painéal seo measúnú ar charachtar iarrthóirí ar mian leo clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Chomh maith leis sin, tá an Painéal freagrach as measúnú a dhéanamh ar dhaoine oiriúnacha agus cuí mar chuid den phróiseas athnuachana clárúcháin.
- An Painéal Cáilíochtaí - Déanann an Painéal seo measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla iarrthóirí ar mian leo clárú mar mhúinteoirí.

**Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Chomhairle freagrach as comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") a chinntiú. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

<u>Costais Chomhairleachta</u>

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe "gnó mar is gnách".

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle dlí | 135,426 | 157,729 |
| Riarachán pinsin | 15,929 | 13,250 |
| Cosaint Sonraí | 14,177 | 3,625 |
| Sláinte & Sábháilteacht | – | 6,642 |
| Rialú inmheánach agus iniúchadh inmheánach | 21,587 | 24,785 |
| Cumarsáid | 24,247 | 39,567 |
| TFC | 63,557 | 24,269 |
| Acmhainní Daonna | 35,466 | 26,477 |
| Pleanáil straitéiseach | – | 19,284 |
| Soláthar | 2,337 | 5,541 |
| | 312,726 | 321,169 |

<u>Costais Dlí Eile</u>

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais Dlí – Clárú | 108,168 | 111,405 |
| Costais Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla | 822,267 | 785,511 |
| | 930,435 | 896,916 |

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle**

Caiteachas Taistil & Cothabhála

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 161,096 | 47,717 |
| - Foireann | 32,065 | 6,690 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 6,775 | – |
| - Foireann | 3,758 | – |
| | 203,694 | 54,407 |

Caiteachas Fáilteachais

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Leas na Foirne | 2,250 | 940 |

**Ráiteas Comhlíonta**
Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu le cinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí an Cód á chomhlíonadh den chuid is mó ag an gComhairle in 2022 ach amháin i ndáil le roinnt gnéithe beaga de na ceanglais a bhain le Seirbhísí do Chustaiméirí agus leis an Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird, dhá ghné a bhfuil sé beartaithe déileáil leo in 2023.

**Forbairtí Amach Anseo**
Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint lena gníomhaíochtaí reatha.

**Taifid Chuntasaíochta**
Faoi Alt 18 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais na heagraíochta. Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá taifid chuntasaíochta na Comhairle Múinteoireachta á gcoimeád ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

**Iniúchóirí**
Chuir na hiniúchóirí, Cuideachta Neamhtheoranta Crowleys DFK (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil) in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh i mbun oifige.

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle**

## Gnóthas Leantach

Tá buiséid agus Sreabhadh airgid ullmhaithe ag comhaltaí na comhairle ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas na heagraíochta freastal ar a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo, measann comhaltaí na comhairle gur cuí é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus rangú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa chás nach mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

## Teagmhais Iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí tar éis dheireadh na bliana a mbeadh tionchar acu ar nó a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais nó sna nótaí a ghabhann leo.

## Ráiteas maidir le Faisnéis Iniúchta Ábhartha

Níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoi. Tá gach beart glactha ag baill na comhairle chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus tá sé cruthaithe acu go bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann na Comhairle

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**

**Lynn Ramsey**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 3 Iúil 2023**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

**Raon feidhme na Freagrachta**
Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú.

**Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh I gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Acmhainn Déileáil le Riosca**
I rith 2022, bhí Coiste Iniúchta agus Riosca i mbun feidhme ag an gComhairle Mhúinteoireachta a raibh cúigear comhaltaí den Chomhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha neamhspleácha páirteach ann. Bhuail comhaltaí an Choiste le chéile ceithre huaire in 2022.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinsiú a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus déanann sí clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá curtha i bhfeidhm agus a thugann mionchuntas faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne i leith riosca.

**Creat Riosca agus Rialaithe**
Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí maidir leis na rialuithe agus gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn míosúil

- I measc na nósanna imeachta atá bunaithe chun déileáil le himpleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó tá treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin amhail teorainneacha údaraithe atá faofa ag an gComhairle agus deighilt dualgas idir próiseáil agus faomhadh íocaíochtaí
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiceacha agus sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, i gcás inarb ábhartha ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú
- Tá socruithe tuairiscithe curtha i bhfeidhm ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta agus
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar fheidhmíocht mhíosúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséad

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus i rith 2022 go raibh na nósanna imeachta sin á gcomhlíonadh ag an gComhairle Mhúinteoireacht, cé is moite de na míreanna luaite thíos.

- Bhain an Chomhairle úsáid as eagraíocht chun oiliúint a chur ar lucht feidhmiúcháin gan próiseas tairisceana a eagrú de bhrí gur chinn an Chomhairle go raibh seirbhís ar leith á tairiscint ag an eagraíocht. Ba é €14k an caiteachas in 2022.

- Riamh anall ba nós leis an gComhairle an soláthraí seirbhísí árachais chéanna a úsáid gan próiseas tairisceana a eagrú. Díríonn an soláthraí seo ar chliaint san earnáil phoiblí. Tá sé beartaithe ag an gComhairle próiseas tairisceana a reáchtáil le haghaidh seirbhísí árachais in 2023. In 2022 bhí an caiteachas cothrom le €34k.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireacht ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar an obair, agus an fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh air.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022 curtha i gcrích ag an gComhairle.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach maidir le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann na Comhairle

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**
**Dáta: 3 Iúil 2023**

**Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta**

**Tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**

## Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ina gcuimsítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí gaolmhara a bhaineann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach I nóta 1. Baineadh úsáid as creat tuairiscithe airgeadais nuair a bhí na ráitis á n-ullmhú a nglactar leis i nDlí na hÉireann agus in FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an chumainn amhail ag an 31 Nollaig 2022 agus ar a bharrachas ag deireadh na bliana sin;
- tá siad ullmhaithe go cuí de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- tá siad ullmhaithe go cuí de réir cheanglais Alt 18 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

## An bunús leis an tuairim

Reáchtálamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Tá tuilleadh cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid maidir le freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcomhairle de réir na gceanglas eiticiúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí lenár dtuairim a bhunú uirthi.

## Conclúidí maidir le gnóthas leantach

I ndiaidh dúinn na ráitis airgeadais a iniúchadh, táimid den tuairim gur cuí í an úsáid a bhain comhaltaí na comhairle as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteachtaí ábhartha sainaitheanta againn a bhaineann le teagmhais nó dálaí, ina n-aonar nó le chéile, a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar amhrais maidir le cumas na comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach le haghaidh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí chomhaltaí na comhairle maidir le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

## Faisnéis Eile

Tá baill na comhairle freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá curtha ar fáil sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIniúchóirí maidir leis sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúid dearbhaithe ina leith.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

Maidir leis an iniúchadh atá déanta againn ar na ráitis airgeadais, táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a bailíodh le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Sa chás go sainaithnímid aon neamhréir ábhartha nó ráiteas a bhfuil an chuma air go bhfuil sé neamhchruinn, tá sé de cheangal orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ráiteas neamhchruinn ábhartha sna ráitis airgeadais nó ráiteas neamhchruinn ábhartha déanta maidir leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go gcinnimid go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

**Ábhair ar a gceanglaítear orainn tuairisciú trí eisceacht**

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint a fuarthas ar an gcomhairle agus ar a timpeallacht le linn iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonrú ábhartha sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle.

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí bhaill na comhairle as na ráitis airgeadais**

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí den Bhord, tá comhaltaí na comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as iad féin a shásamh go dtugtar léargas fíorcheart iontu, agus as pé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá baill na comhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag baint úsáide as an mbonn gnóthas leantach cuntasaíochta mura bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht an chomhairle a leachtú nó scor den oibríocht, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch aige ach é sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, trí chéile, saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid, agus Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAanna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó go comhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeidh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

**An aidhm lenár gcuid oibre iniúchta agus na daoine a bhfuilimid freagrach dóibh**

Is do chomhaltaí na comhairle amháin, mar chomhlacht, a chuirtear an tuarascáil seo i dtoll a chéile, de réir Alt 18 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta le go bhféadfaimis cuntas a thabhairt do chomhaltaí na comhairle ar an nithe a bhfuil sé de cheangal orainn iad a chur in iúl dóibh i dTuarascáil Iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. A oiread is a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as ná ní admhaímid sinn féin a bheith freagrach d'aon duine eile seachas don chomhairle agus do chomhaltaí na comhairle, mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, ná I leith na dtuairimí atáimid tar éis teacht orthu.

**Natalie Kelly**
**Thar ceann agus ar son**
**Cuideachta Neamhtheoranta Crowleys DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil**
**16/17 Faiche an Choláiste**
**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta: 3 Iúil 2023**

**Aguisín le Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta**

**Tuilleadh eolais maidir le raon feidhme ár bhfreagrachtaí mar iniúchóir**

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAnna (Éire), feidhmímid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Déanaimid freisin:

-Measúnú ar rioscaí míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheas, cibé más bunaithe ar chalaois nó earráid atá siad, ceapaimid agus cuirimid nósanna imeachta iniúchta i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur lenár dtuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míshonrú ábhartha ag eascairt ó chalaois a thabhairt faoi deara ná gan riosca a tharlaíonn de bharr earráide a thabhairt faoi deara, de bhrí go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí a bheith i gceist le calaois, nó go bhféadfaí rialú inmheánach a shárú.

-Tagaimid ar thuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht rialú inmheánach na heagraíochta.

-Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara déanta ag comhaltaí na Comhairle.

-Déanaimid cinneadh maidir le hoiriúnacht comhaltaí na Comhairle úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, tagraímid do cibé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras nach beag a chaitheamh ar chumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a tharraingt, inár dTuarascáil Iniúchóra, ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid sin de nochtuithe sásúil, ár dtuairim a athrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhí faighte suas go dtí dáta ár dTuarascáil Iniúchóra. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha amach anseo a bheith mar bhonn le deireadh a chur leis an eagraíocht a bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

-Meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na teagmhais bhunúsacha ar shlí a thugann léargas cothrom.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil leis, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach a thugaimid faoi deara i rith ár n-iniúchta.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

| | Nótaí | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 8,128,870 | 7,553,822 |
| **Ioncam Iomlán** | 2 | 8,128,870 | 7,553,822 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (201,476) | (156,113) |
| Costais Foirne | | (4,839,286) | (4,860,376) |
| Costais um Chaighdeáin Ghairmiúla | | (911,555) | (853,301) |
| Costais Riaracháin eile | | (640,603) | (754,647) |
| Costais Chruinnithe | | (232,330) | (93,064) |
| Costais Chlárúcháin | | (163,508) | (197,912) |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (440,880) | (310,833) |
| Costais Chumarsáide, Oideachais agus Taighde | | (590,465) | (608,253) |
| Dímheas | 7 | (532,896) | (329,905) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (8,552,999) | (8,164,404) |
| **(Easnamh)/Barrachas arGhnáthghníomhaíochtaí** | | (424,129) | (610,582) |
| Ioncam infheistíochta | | 93,069 | 92,891 |
| Gluaiseacht luacha chóir i Sócmhainní Airgeadais | | (1,339,681) | 592,896 |
| Ioncam ó Réadmhaoin ar Cíos | | 261,306 | 211,306 |
| Costais Bhainistíochta Réadmhaoine | | (43,071) | (36,854) |
| **Barrachas roimh chánachas** | 3 | (1,452,506) | 249,657 |
| Cánachas | 6 | – | – |
| **(Easnamh)/Barrachas i ndiaidh cánachais** | | (1,452,506) | 249,657 |

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

Níl aon bharrachas nó easnamh aitheanta eile ann seachas an toradh le haghaidh na dtréimhsí airgeadais thuasluaite. Tá toradh na bliana ginte go heisiach ó oibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 17-28.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 3 Iúil 2023 agus shínigh an duine seo leanas thar a ceann iad

| | |
|---|---|
| **Michelle Keane** | **Lynn Ramsey** |
| **Cathaoirleach** | **Stiúrthóir** |

## An Clár Comhardaithe amhail ag an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 € | 2022 € | 2021 € | 2021 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 4,534,378 | | 4,722,874 |
| Sócmhainní Airgeadais | 8 | | 12,064,706 | | 13,311,318 |
| | | | 16,599,084 | | 18,034,192 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 9 | 76,337 | | 11,466 | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | | 592,796 | | 840,034 | |
| | | 669,133 | | 851,500 | |
| **Dliteanais Reatha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 10 | (306,553) | | (471,522) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 362,580 | | 379,978 |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha** | | | 16,961,664 | | 18,414,170 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | 11 | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | 11 | | 12,961,664 | | 14,414,170 |
| **Cistí Iomlána** | | | 16,961,664 | | 18,414,170 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 17-28.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 3 Iúil 2023 agus shínigh an duine seo leanas thar a ceann iad

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**

**Lynn Ramsey**
**Stiúrthóir**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

## Ráiteas Sreabhaidh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Easnamh oibriúcháin a réiteach le glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas oibriúcháin (roimh ús agus cáin a fháil) | | (1,452,506) | 249,657 |
| Dímheas | 3 | 532,896 | 329,905 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | 9 | (64,871) | 50,116 |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | 10 | (164,969) | 66,445 |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (1,149,450) | 696,123 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | | – | – |
| Ioncam ó phunann infheistíochta | 13 | (93,069) | (92,891) |
| Gluaiseacht Luach Cóir sa phunann infheistíochta | 13 | 1,339,681 | (592,896) |
| Cánachas | 13 | – | – |
| Caiteachas caipitil | 13 | (344,400) | (553,393) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | 902,212 | (1,239,180) |
| **Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht airgid thirim agus coibhéisí airgid (Nóta 14)** | | | |
| Glan (Laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid | | (247,238) | (543,057) |
| sa bhliain Glanairgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir 2021 | | 840,034 | 1,383,091 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan amhail an 31 Nollaig 2022** | 14 | 592,796 | 840,034 |

D’fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 3 Iúil 2023 agus shínigh an duine seo leanas thar a ceann iad

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**

**Lynn Ramsey**
**Stiúrthóir**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1. An bonn ar ullmhaíodh iad

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann", arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn plé le míreanna a mheastar iad a bheith ábhartha do ráitis airgeadais na heagraíochta.

### 1.2. Ioncam

Cuimsítear in ioncam táillí clárúcháin agus measúnaithe faighte i rith na bliana. Déantar cuntas ar gach táille infhaighte ar bhonn fáltais, seachas ioncam a bhaineann le hathbhreithniú agus creidiúnú clár oiliúna tosaigh do mhúinteoirí a dhéantar a chuntas ar bhonn sonraisc. Cláraíonn múinteoirí i rith na bliana agus maireann an tréimhse chlárúcháin 12 mhí. Ní iarchuirtear ioncam chun é seo a léiriú. In 2014, cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nua, agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi "Ioncam Cíosa Réadmhaoine" sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas stairiúil lúide dímheasa carntha.

Déantar foráil le haghaidh dímheasa ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, ag rátaí atá ríofa chun an costas nó luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, gach sócmhainne go córasach thar a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas

| | | |
|---|---|---|
| Áitribh | - | 2.5% de réir méid cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | - | 10% de réir méid cothrom |
| Bogearraí Ríomhaire | - | 20% de réir méid cothrom |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 33.33% de réir méid cothrom |

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn sócmhainní seasta inláimhsithe gach bliain chun críche bearnúcháin i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an luach tugtha anonn in-aisghabhála.

Ag deireadh gach tréimhse thuairiscithe, déanann an eagraíocht measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil aon fhianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán aon sócmhainn airgeadais a thomhaistear ag costas nó costas amúchta san áireamh lena n-áirítear infheistíochtaí neamhliostaithe, infheistíochtaí, iasachtaí, féichiúnaithe trádála agus airgead tirim. Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain airgeadais sin.

............... ar lean

**1.4. Pinsin**

Feidhmíonn an Chomhairle scéim pinsin le sochar sainithe d'fhormhór a cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus faomhann an tAire Oideachais agus an tAire Airgeadais í. Maoiníonn an Státchiste sochair phinsin atá iníoctha faoin scéim.

Lena chois sin, tá roinnt saintréithe sonracha luaite le socruithe na Comhairle:

- déanann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachas
- cuimsítear sa ranníocaíocht gné fostaí mar aon le gné fostóra. De réir bheartas an rialtais maidir le pinsin na hearnála poiblí, tá ranníocaíocht an fhostóra cothrom le 25% den phá comhlán le haghaidh fostaithe a bhfuil ÁSPC ag ráta A á íoc acu agus 30% den phá comhlán d'fhostaithe a bhfuil ÁSPC ag ráta D á íoc acu.
- tá gealltanas soiléir tugtha ag an Roinn Oideachas le comhaontú na Roinne Airgeadais go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Le hAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, bunaíodh An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") a bhfuil éifeacht léi ón 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí nua de chuid na Comhairle Múinteoireachta, atá ina n-iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mball den Scéim Aonair.

Measann an Chomhairle go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag a socruithe pinsin thuasluaite, bunaithe ar thuairim na Comhairle, is atá ag scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a thagann chun cinn faoi scéimeanna pinsin le sochar sainithe, oiriúnach dá himthosca. Dá réir sin, déanann sí cuntas ar an ranníocaíocht amhail is dá mba rud é gur scéim le ranníocaíocht shainithe í an scéim.

**1.5. Cánachas**

Leasaíonn Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013, Alt 37, Sceideal 4 le hAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh ar liosta de chomhlachtaí Stát-urraithe, neamhthráchtála, sonraithe atá cáilithe le haghaidh díolúine ó fhorálacha cánach áirithe faoi Alt 227 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Díolmhaíonn an t-alt seo comhlachtaí ó cháin ioncaim agus ó cháin ioncaim chorparáide áirithe a d'eascair agus a bheadh, murach sin, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás III, IV agus V de Sceideal D. Fanann ús taisce faoi réir DIRT (CCÚT). Tá an táille bhliantúil le haghaidh cánachais bunaithe ar ús taisce don bhliain agus arna ríomh trí thagairt a dhéanamh don ráta cánach atá infheidhme ar an dáta a bhfaightear an t-ús.

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

**1.6. Cúlchistí Ainmnithe**

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh siad, dá rogha féin, cistí neamhshrianta a chur ar leataobh chun críocha ainmnithe amach anseo. I gcás nach mbeidh cistí den sórt sin ag teastáil a thuilleadh chun na críche atá beartaithe, scaoilfear chuig an gCúlchiste Ginearálta iad.

**1.7. Sócmhainní Airgeadais**

Luaitear sócmhainní airgeadais a shealbhaítear mar shócmhainní neamhreatha ag a luach margaidh. Tugtar cuntas ar aon bharrachas nó easnamh tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aithnítear ioncam ó Shócmhainní Airgeadais sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfaightear é.

**1.8. Infhaighte**

Déantar nithe infhaighte a thomhas ar phraghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Déantar iasachtaí infhaighte a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan ar chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtach, lúide aon lagú.

**1.9. Míreanna Iníoctha**

Aithnítear earraí iníoctha ar luach cóir ar dtús agus ina dhiaidh sin luaitear iad ar chostas amúchta ag baint úsáid as modh éifeachtach an ráta úis, mura mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear iad ar chostas.

**1.10. Airgead sa bhanc agus tirim**

Cuimsítear in airgead sa bhanc agus ar láimh airgead tirim atá i dtaisce i mbainc a dteastaíonn fógra níos lú ná trí mhí chun é a aistarraingt

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

## 2. Ioncam

Díorthaíodh ioncam na heagraíochta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a rinneadh go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas/(Easnamh) Oibríochta

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Luaitear barrachas oibriúcháin/(easnamh) tar éis muirir:** | | |
| Dímheas | 532,896 | 329,905 |

## 4. Foireann agus Luach Saothair

| **Costais Foirne** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus tuarastail | 2,678,917 | 2,506,674 |
| Costais leasa shóisialaigh | 269,022 | 229,255 |
| Costais Phinsin | 531,408 | 492,577 |
| Costas Seirbhísí Bainistithe & Foireann Ghníomhaireachta | 1,229,949 | 1,512,680 |
| Costais Oiliúna & Leasa Foirne | 124,917 | 113,640 |
| Costais éagsúla foirne | 5,073 | 5,550 |
| | 4,839,286 | 4,860,376 |

| **(A) Sochair Fostaithe Comhiomlána** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 2,678,917 | 2,506,674 |
| Costais sochair scoir | 531,408 | 492,577 |
| Ranníocaíocht fostóra do leas sóisialta | 269,022 | 229,255 |
| | 3,479,347 | 3,228,506 |

Ag deireadh na bliana, ba é 65.5 líon iomlán na gcomhaltaí foirne (WTE) a bhí fostaithe (2021: 54.4).

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

| **(B) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá bunúsach | 2,674,185 | 2,505,482 |
| Ragobair | 4,732 | 1,192 |
| Liúntais | – | – |
| | 2,678,917 | 2,506,674 |

**(C) Príomhphearsanra Bainistíochta**

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta an Stiúrthóir, an Leas-Stiúrthóir, an Ceann Foghlama agus Taighde Múinteoirí, an Ceannasaí ar Oideachas Tosaigh agus Ionduchtú Múinteoirí, Ceann Clárúcháin, Ceann na gCaighdeán Gairmiúil, an Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus AD agus Ceann Airgeadais agus TF. Tá an luach iomlán liúntas fhostaithe do príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal | 675,883 | 659,035 |
| | 675,883 | 659,035 |

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mball de scéim pinsin na Comhairle Múinteoireachta agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí eiseamláireach.

Ní fhaigheann baill na Comhairle aon luach saothair as a gcuid oibre thar ceann na Comhairle.

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

| **(D) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá bunúsach | 107,620 | 118,407 |
| | 107,620 | 118,407 |

Bhí post an Stiúrthóra folamh le haghaidh 2022 ar fad. I rith na tréimhse seo, bhí an Leas-Stiúrthóir i mbun an róil i gcáil ghníomhach. Baineann an figiúr luacha saothair thuasluaite le haghaidh 2022 do ról an Stiúrthóra Ghníomhaigh. Thosaigh an Stiúrthóir nua ag obair ar an 1 Feabhra 2023.

**(E) Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon** | | **Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2022** | **2021** |
| €60,000 | €69,999 | 3 | 2 |
| €70,000 | €79,999 | 3 | 2 |
| €80,000 | €89,999 | 2 | 1 |
| €90,000 | €99,999 | 2 | 3 |
| €100,000 | €109,999 | 1 | 0 |
| €110,000 | €119,999 | 0 | 1 |

............... ar lean

## 5. Costais Phinsin

Is ionann an costas pinsin agus ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an gComhairle leis an gciste pinsin.

## 6. Cánachas

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Cánachas na Bliana Reatha | – | – |
| CCÚT | – | – |

Leasaíonn Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013, Alt 37, Sceideal 4 le hAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh ar liosta de chomhlachtaí Stát-urraithe, neamhthráchtála, sonraithe atá cáilithe le haghaidh díolúine ó fhorálacha cánach áirithe faoi Alt 227 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Díolmhaíonn an t-alt seo comhlachtaí ó cháin ioncaim agus ó cháin ioncaim chorparáide áirithe a d'eascair agus a bheadh, murach sin, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás III, IV agus V de Sceideal D. Fanann ús taisce faoi réir DIRT (CCÚT).

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

## 7. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Áitribh | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaire | Trealamh Ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 3,691,937 | 1,541,474 | 1,688,812 | 581,940 | 7,504,163 |
| Breise | – | 1,885 | 277,295 | 65,220 | 344,400 |
| Diúscairtí | – | (1,139) | (411,152) | (64,529) | (476,820) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 3,691,937 | 1,542,220 | 1,554,955 | 582,631 | 7,371,743 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 646,086 | 978,713 | 650,913 | 505,577 | 2,781,289 |
| Ar dhiúscairtí | – | (1,139) | (411,152) | (64,529) | (476,820) |
| Muirear don bhliain | 92,298 | 139,172 | 237,933 | 63,493 | 532,896 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 738,384 | 1,116,746 | 477,694 | 504,541 | 2,837,365 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 2,953,553 | 425,474 | 1,077,261 | 78,090 | 4,534,378 |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 3,045,851 | 562,761 | 1,037,899 | 76,363 | 4,722,874 |

## 8. Sócmhainní Airgeadais

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Luach cóir | € | € |
| Amhail an 1 Eanáir | 13,311,318 | 12,625,531 |
| Cistí le punann | – | – |
| Gluaiseacht luacha chóir i Sócmhainní Airgeadais | (1,339,681) | 592,896 |
| Ioncam infheistíochta | 93,069 | 92,891 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 12,064,706 | 13,311,318 |

**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

............... ar lean

| **9.** | **Infháltais agus Réamhíocaíochtaí** | **2022 €** | **2021 €** |
|---|---|---|---|
| | Infháltais eile | 76,337 | 11,466 |
| | | 76,337 | 11,466 |

| **10.** | **Míreanna Iníoctha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | **2022 €** | **2021 €** |
|---|---|---|---|
| | Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 126,127 | 70,946 |
| | Fabhruithe | 180,426 | 400,576 |
| | | 306,553 | 471,522 |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais.
Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Athraíonn téarmaí aisíocaíochta na gcreidiúnaithe trádála.

| San áireamh i gcánacha eile agus costais slándála sóisialaí tá: | **2022 €** | **2021 €** |
|---|---|---|
| ÍMAT/ÁSPC | 89,454 | 70,847 |
| PSWT | 36,405 | – |
| RCT | 268 | 99 |
| CBL | – | – |
| | 126,127 | 70,946 |

............... ar lean

## 11. Cúlchistí

| | Cúlchiste Ginearálta | Cúlchiste Ainmnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Cúlchistí Tosaigh** | 14,414,170 | 4,000,000 | 18,414,170 |
| Easnamh don bhliain | (1,452,506) | – | (1,452,506) |
| **Cúlchistí Deiridh** | 12,961,664 | 4,000,000 | 16,961,664 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, tá na cúlchistí ainmnithe bunaithe ar chúlchiste teagmhasach chun aon chostais shuntasacha atá ag eascairt as dúshlán dlí a bhaineann le haon chuid d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001-2015 agus ó aon cheann de rialuithe na Comhairle, a chlúdach. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, sa chás nach bhfuil a leithéid de chistí ag teastáil níos mó, aistrítear ar ais chuig an gCúlchiste Ginearálta iad.

## 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015, tá baill na Comhairle I dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais a thabhaítear de riachtanas agus iad i mbun gnó na Comhairle agus Choistí na Comhairle. Ceanglaítear ar bhaill na Comhairle ar múinteoirí iad a gclárú a athnuachan go bliantúil freisin. Déantar na hidirbhearta go léir ar bhonn neamhthuilleamaí agus tá siad ionchorpraithe sna ráitis airgeadais sin.

............... ar lean

## 13. Ollsreabhadh Airgid

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| **Tuairisceáin ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais** | | |
| Ús faighte | – | – |
| **Cánachas** | | |
| CCÚT | – | – |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (344,400) | (553,393) |
| Ioncam ó phunann infheistíochta | (93,069) | (92,891) |
| Gluaiseacht Luach Cóir sa phunann infheistíochta | 1,339,681 | (592,596) |
| | 902,212 | (1,239,180) |

## 14. Anailís ar Athruithe ar Ghlanairgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

| | Iarmhéid tosaigh<br>€ | Sreabhadh airgid<br>€ | Iarmhéid deiridh<br>€ |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus tirim | 840,034 | (247,238) | 592,796 |
| Glanairgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 840,034 | (247,238) | 592,796 |

## 15. Teagmhais Iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí tar éis dheireadh na bliana a mbeadh tionchar acu ar nó a d’éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais nó sna nótaí a ghabhann leo.

## 16. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D’fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 5 Iúil 2023 agus shínigh an duine seo a leanas thar a ceann iad

**Michelle Keane**
**Cathaoirleach**

**Lynn Ramsey**
**Stiúrthóir**